An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 18 Nollaig 2025**
**(OR. en)**

**EUCO 24/25**

**CO EUR 20**
**CONCL 6**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (18 Nollaig 2025)<br>– Conclúidí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an gcruinniú thuasluaite.

---

## I. AN ÚCRÁIN

1. Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle Eorpach le Volodymyr Zelenskyy, Uachtarán na hÚcráine.

2. Phléigh an Chomhairle Eorpach a bhfuil tarlaithe le déanaí a mhéid a bhaineann leis an Úcráin. Rinne sí a marana ar an obair leanúnach atá á déanamh chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais phráinneacha airgeadais na hÚcráine le haghaidh 2026-2027, i bhfianaise na roghanna a chuir an Coimisiún i láthair.

3. Comhaontaíonn an Chomhairle Eorpach iasacht EUR 90 billiún a thabhairt don Úcráin do na blianta 2026-2027 bunaithe ar iasachtaíocht an Aontais ar na margaí caipitil a bhfuil lamháil bhuiséad an Aontais mar thaca léi. Trí bhíthin comhar feabhsaithe (Airteagal 20 CAE) i ndáil leis an ionstraim atá bunaithe ar Airteagal 212 CFAE, ní bheidh tionchar ag aon slógadh acmhainní ó bhuiséad an Aontais, ina cháil mar ráthaíocht don iasacht seo, ar oibleagáidí airgeadais Phoblacht na Seice, na hUngáire ná na Slóvaice.

4. Tá an méid sin thuas gan dochar do chineál sonrach na mbeartas slándála agus cosanta atá ag Ballstát áirithe agus cuirtear san áireamh leis, i gcomhréir leis na Conarthaí, leasanna slándála agus cosanta na mBallstát uile.

5. Thacaigh 25 Cheann Stáit nó Rialtais go láidir leis an téacs a leagtar amach in EUCO 26/25.

6. Fillfidh an Chomhairle Eorpach ar an tsaincheist seo ag an gcéad chruinniú eile a bheidh aici.

## II. AN MEÁNOIRTHEAR

7. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur glacadh Rún 2803 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le bunú an Bhoird Síochána agus bunú Fórsa Cobhsaíochta Idirnáisiúnta shealadaigh, mar a leagtar amach sa Phlean Cuimsitheach chun Deireadh a chur le Coinbhleacht Gaza. Iarrann sí ar na páirtithe uile an Rún a chur chun feidhme ina iomláine, agus i gcomhréir leis na prionsabail ábhartha idirnáisiúnta pholaitiúla agus dhlíthiúla. Meabhraítear di gur gá an timpeallacht slándála in Gaza a chobhsú, i gcomhréir le Rún 2803 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear trína chinntiú go ndéanfar airm Hamas agus grúpaí armtha neamhstáit eile a dhíchoimisiúnú go buan.

8. Sa chomhthéacs sin, athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach tiomantas láidir an Aontais don dlí idirnáisiúnta agus do shíocháin chuimsitheach chóir mharthanach atá bunaithe ar réiteach an dá stát, i gcomhréir leis na Rúin ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, faoina mairfeadh dhá stát dhaonlathacha, Iosrael agus an Phalaistín, taobh le taobh, faoi shíocháin, laistigh de theorainneacha slána aitheanta. Cuirfidh an tAontas Eorpach le gach iarracht chun an réiteach sin a bhaint amach.

9. Tá an tAontas Eorpach tiomanta rannchuidiú leis an gcur chun feidhme sin, lena n-áirítear trí shainordú feabhsaithe do Mhisean Cúnaimh Teorann an Aontais Eorpaigh do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah) agus do Mhisean Póilíneachta an Aontais Eorpaigh do na Críocha Palaistíneacha (EUPOL COPPS), agus trí rannpháirtíocht sa Lárionad Comhordúcháin Shibhialta-Mhíleata. Tá sé faoi réir chun tacú le bunú an Bhoird Síochána agus rachaidh sé i dteagmháil go gníomhach leis na comhpháirtithe maidir leis na chéad chéimeanna eile.

10. Agus na conclúidí a ghlac sí roimhe seo á meabhrú aici, leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a riachtanaí atá sé go ndéanfaí cabhair dhaonnúil a sheachadadh go tapa, go sábháilte agus gan bhac go Gaza, agus go ndéanfaí an chabhair sin a dháileadh go marthanach ar mórscála ar fud Gaza, lena n-áirítear trí Chonair Mhuirí na Cipire mar bhreis ar na bealaí talún, i gcomhréir leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta, agus leagann sí béim freisin ar a riachtanaí atá sé go mbeadh na Náisiúin Aontaithe agus gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe, agus na heagraíochtaí daonnúla, in ann oibriú go neamhspleách agus go neamhchlaonta. I ndáil leis sin, iarrann sí ar Iosrael gan an dlí maidir le clárú eagraíochtaí neamhrialtasacha a chur chun feidhme san fhoirm ina bhfuil sé faoi láthair. Iarrann an Chomhairle Eorpach go háirithe go gceadófaí earraí bunriachtanacha a thabhairt isteach go Gaza, lena n-áirítear trealamh dídine, soláthairtí le haghaidh an gheimhridh agus earraí leighis.

11. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá sé go gcuirfeadh na páirtithe leasmhara idirnáisiúnta agus réigiúnacha tacaíocht ar fáil d'atógáil agus d'fhorbairt Gaza, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta. Ag tógáil ar an gcéad chruinniú den Ghrúpa Deontóirí don Phalaistín an 20 Samhain 2025, rachaidh an tAontas Eorpach i dteagmháil leis na comhpháirtithe uile chun rannchuidiú leis na hiarrachtaí téarnaimh agus atógála agus leanfaidh sé de thacaíocht a thabhairt d'Údarás na Palaistíne, lena n-áirítear sa chlár oibre don athchóiriú atá ar bun aige. I ndáil leis sin, athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach a thábhachtaí atá sé clár athchóirithe Údarás na Palaistíne a chur chun feidhme ionas go bhféadfaidh sé dul i gceannas in Gaza arís ar bhealach slán éifeachtach. Iarrann sí ar Iosrael an t-ioncam imréitigh atá á choinneáil siar a scaoileadh mar ábhar práinne agus na seirbhísí baincéireachta comhfhreagraí idir bainc Iosrael agus bainc na Palaistíne a leathnú, arb ioncam agus seirbhísí iad a bhfuil géarghá leo araon chun feidhmiú cuí Údarás na Palaistíne agus seachadadh seirbhísí riachtanacha don phobal a áirithiú.

12. Cáineann an Chomhairle Eorpach go géar an méadú ollmhór atá tagtha ar an bhforéigean arna dhéanamh ag lonnaitheoirí ar shibhialtaigh na Palaistíne, lena n-áirítear an foréigean i gcoinne na bpobal Críostaí, agus na beartais agus na bagairtí a bhaineann le heasáitiú éigeantais agus ionghabháil ar an mBruach Thiar, Iarúsailéim Thoir san áireamh. Tathantaíonn sí ar Rialtas Iosrael cloí lena oibleagáidí faoin dlí idirnáisiúnta agus pobal Palaistíneach na gcríoch atá faoi fhorghabháil a chosaint. Iarrann sí ar Rialtas Iosrael leathnú na lonnaíochtaí, atá neamhdhleathach faoin dlí idirnáisiúnta, a aisiompú. Iarrann an Chomhairle Eorpach an athuair go gcaomhnófaí agus go n-urramófaí *Status Quo* ionaid naofa Iarúsailéim. Iarrann sí an athuair freisin ar an gComhairle leanúint ar aghaidh leis an obair ar bhearta sriantacha breise i gcoinne na lonnaitheoirí antoisceacha agus i gcoinne na n-eintiteas agus na n-eagraíochtaí a thacaíonn leo.

***An Liobáin***

13. Iarrann an Chomhairle Eorpach go mbainfí an lasóg den bharrach sa réigiún máguaird, agus leagann sí béim ar a riachtanaí atá sé an chobhsaíocht a chaomhnú sa Liobáin. Athdhearbhaíonn sí go dtacaíonn sí leis na hiarrachtaí staid eacnamaíoch agus slándála na Liobáine a chobhsú agus le hatógáil na tíre agus le hiarrachtaí an Rialtais monaplacht an Stáit a bhunú ó thaobh sealbhú arm de. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach a tacaíocht bhuanseasmhach do ról ríthábhachtach fhórsa eatramhach na Náisiún Aontaithe sa Liobáin (UNIFIL). Cáineann an Chomhairle Eorpach na hionsaithe a rinneadh le déanaí ar UNIFIL agus iarrann sí go ndéanfaí imscrúdú cuimsitheach orthu. Is sárú tromchúiseach ar an dlí idirnáisiúnta iad na hionsaithe sin ar choimeádaithe síochána na Náisiún Aontaithe; ní ghlactar leo, beag ná mór, agus caithfear éirí astu lom láithreach. Iarrann an Chomhairle Eorpach an athuair ar gach páirtí téarmaí chomhaontú sosa cogaidh an 27 Samhain 2024 a urramú agus a chur chun feidhme agus Rún 1701 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme ina iomláine. I ndáil leis sin, iarrann sí go ndéanfaí Hezbollah agus grúpaí armtha neamhstáit sa Liobáin a dhí-armáil go hiomlán. Leanfaidh an tAontas Eorpach de thacaíocht a thabhairt do cheannasacht agus d'iomláine chríochach Stát na Liobáine agus dá iarrachtaí forbartha stáit, lena n-áirítear trí chabhair a thabhairt chun fórsaí armtha na Liobáine a neartú.

***An tSiria***

14. Agus bliain ann ó thit réimeas Assad, athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go dtacaíonn sí le haistriú síochánta, cuimsitheach sa tSiria agus leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé cearta mhuintir na Siria ó gach cúlra eitneach agus reiligiúnach a chosaint gan idirdhealú. Cuireann sí in iúl gur cúis imní di an cur isteach eachtrach ar phróiseas idirthréimhseach na Siria agus tathantaíonn sí ar na gníomhaithe uile, idir ghníomhaithe intíre agus ghníomhaithe seachtracha, aontacht, neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na Siria a urramú go hiomlán, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta.

## III. COSAINT AGUS SLÁNDÁIL NA hEORPA

15. Cáineann an Chomhairle Eorpach go géar gach ionsaí hibrideach a rinneadh le déanaí ar an Aontas Eorpach agus a Bhallstáit. I bhfianaise fheachtas hibrideach treisithe na Rúise agus na Bealarúise, iarrann sí go gcuirfí dlús lena bhfuil á dhéanamh chun an athléimneacht a neartú, an bonneagar criticiúil a chosaint, agus ionsaithe hibrideacha a chosc, a dhíspreagadh agus a fhreagairt ar fud an Aontais, agus úsáid á baint as gach beartas agus ionstraim is ábhartha, lena n-áirítear trí bhearta sriantacha breise i gcoinne na dtíortha sin.

16. Agus é á mheabhrú aici gur dúshlán eiseach don Aontas Eorpach é cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus na hiarmhairtí atá aige ar shlándáil na hEorpa agus an domhain i dtimpeallacht atá ag athrú, rinne an Chomhairle Eorpach a marana ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme na gconclúidí a ghlac sí roimhe seo maidir le cosaint agus slándáil na hEorpa, darb aidhm dlús cinntitheach a chur le hullmhacht cosanta na hEorpa faoi 2030, spleáchais straitéiseacha a laghdú agus aghaidh a thabhairt ar bhearnaí criticiúla cumais, lena n-áirítear i réimse an spáis, agus cur chuige 360° á ghlacadh. I bhfianaise chur i láthair Threochlár 2030 maidir le hUllmhacht Cosanta na hEorpa, rinne sí athbhreithniú ar an obair atá ar bun maidir le comhghuaillíochtaí cumais faoi stiúir Ballstát, réimsí tosaíochta cumais agus tionscadail nithiúla a sheoladh sa chéad leath de 2026, lena n-áirítear le tacaíocht ó ionstraimí SAFE agus an Chláir um an Tionscal Cosanta Eorpach (EDIP), agus ar obair a bhaineann leis an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint a neartú. Is díol sásaimh di na tionscnaimh a bhaineann leis an méid sin, lena n-áirítear an cruinniú mullaigh um an gCliathán Thoir a tionóladh i Heilsincí an 16 Nollaig 2025.

17. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur glacadh Rialachán a mhéid a bhaineann le dreasú na n-infheistíochtaí sa chosaint i mbuiséad an Aontais agus gur cuireadh an Treochlár um Chlaochlú an Tionscail Cosanta i láthair. Iarrann an Chomhairle Eorpach go gcuirfí dlús leis an obair ar gach snáithe a sainaithníodh i mí Dheireadh Fómhair 2025. Iarrann sí freisin ar na comhreachtóirí leanúint den obair ar thograí reachtacha ábhartha mar ábhar tosaíochta, cuir i gcás an Omnibus um Ullmhacht Cosanta agus an togra a rinneadh le déanaí maidir leis an tsoghluaisteacht mhíleata a éascú. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an comhaontú ar thángthas air maidir le rannpháirtíocht Cheanada in ionstraim SAFE.

18. Tá an méid sin thuas gan dochar do chineál sonrach na mbeartas slándála agus cosanta atá ag Ballstát áirithe agus cuirtear san áireamh leis, i gcomhréir leis na Conarthaí, leasanna slándála agus cosanta na mBallstát uile.

## IV. <u>AN CHÉAD CHREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL EILE</u>

19. I bhfianaise an dianullmhúchán a rinneadh le linn an tseimeastair seo, thug an Chomhairle Eorpach dá haire gur cuireadh i láthair an dréachtbhosca caibidlíochta a d'fhorbair Uachtaránacht na Danmhairge agus bhí seisiún tuairimíochta aici maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil a bheidh ann amach anseo.

20. Iarrann sí ar an Uachtaránacht inteachta leanúint den obair, d'fhonn teacht ar chomhaontú tráthúil. Dá dtiocfaí ar chomhaontú roimh dheireadh 2026, d'fhéadfaí gníomhartha reachtacha a ghlacadh in 2027, rud atá riachtanach chun a áirithiú go mbainfidh an cistiú ón Aontas na tairbhithe amach i mí Eanáir 2028, gan aon bhearna a bheith ann.

## V. <u>MÉADÚ AGUS ATHCHÓIRITHE</u>

21. Bhí plé straitéiseach ag an gComhairle Eorpach maidir leis an mbealach chun cinn i ndáil leis an méadú, lena n-áirítear gnéithe a bhaineann le hathchóirithe inmheánacha.

22. Agus na conclúidí a ghlac sí roimhe seo á meabhrú aici, leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá an méadú i gcónaí mar infheistíocht gheostraitéiseach sa tsíocháin, sa tslándáil, sa chobhsaíocht agus sa rathúnas. Cuirtear feabhas ar dhálaí eacnamaíocha agus sóisialta na saoránach Eorpach dá bharr, déantar éagothromaíochtaí ó thír go tír a laghdú, agus ní mór dó na luachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe a chothú. Agus ionchas ann go dtiocfaidh méadú ar an Aontas amach anseo, ní mór do na tíortha a bheidh ina mBallstáit nua, agus don Aontas, a bheith faoi réir, tráth an aontachais. Ní mór do thíortha ar mian leo a bheith ina mBallstáit amach anseo leanúint dá n-iarrachtaí um athchóiriú, go háirithe i réimse an smachta reachta, i gcomhréir le cineál fiúntasbhunaithe an phróisis aontachais agus le cúnamh ón Aontas. Ag an am céanna, ní mór don Aontas an obair bhunaidh inmheánach agus na hathchóirithe is gá a dhéanamh. Fágfaidh sé sin go mbeidh an tAontas Eorpach níos láidre agus go bhfeabhsófar ceannasacht na hEorpa.

23. Agus próiseas an mhéadaithe ag dul ar aghaidh, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún a ghrinn-athbhreithnithe beartais a thíolacadh ionas go dtabharfaí an obair sin chun cinn i gcomhthráth.

## VI. AN IMIRCE

24. Agus na conclúidí a ghlac sí roimhe seo á meabhrú aici, agus tar éis di litir a fháil le déanaí ó Uachtarán an Choimisiúin, rinne an Chomhairle Eorpach a marana ar chur chun feidhme na gconclúidí sin. I bhfianaise an mhéid sin, iarrann an Chomhairle Eorpach go dtreiseofaí an obair ar gach snáithe mar ábhar tosaíochta, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta.

## VII. AN GHEO-EACNAMAÍOCHT AGUS AN TIOMAÍOCHAS

25. Bhí plé straitéiseach ag an gComhairle Eorpach maidir leis an staid gheo-eacnamaíoch agus na himpleachtaí a bhaineann léi ó thaobh iomaíochas an Aontais de.

## VIII. MÍREANNA EILE

***An Comhshocrú don Mheánmhuir***

26. Agus 30 bliain ann ó seoladh Próiseas Barcelona, is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach na conclúidí ón gComhairle an 20 Samhain 2025 maidir leis an gComhshocrú don Mheánmhuir (Aon Mhuir Amháin, Aon Chomhshocrú Amháin, Aon Todhchaí Amháin). Is deis é an Comhshocrú chun caidreamh an Aontais lena chomhpháirtithe sa Mheánmhuir Theas a athmhúnlú trí thiomantas polaitiúil athnuaite. Iarrann an Chomhairle Eorpach go gcuirfí chun feidhme go pras agus go héifeachtúil é, agus uirlisí beartais ábhartha an Aontais á slógadh mar thaca leis sin, agus trí shineirgí leis an Aontas don Réigiún Meánmhuirí agus, chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus na deiseanna coiteanna réigiúnacha de mheon na comhúinéireachta, an leasa fhrithpháirtigh agus na freagrachta comhpháirtí.

***Comhrac an fhrithsheimíteachais, an chiníochais agus na seineafóibe***

27. I ndiaidh an ionsaithe fhrithsheimítigh a rinneadh le déanaí in Sydney, déanann an Chomhairle Eorpach comhbhrón ó chroí le teaghlaigh agus cairde na n-íospartach agus seasann sí i ndlúthpháirtíocht leis an Astráil agus le pobail Ghiúdacha ar fud an domhain. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go gcáineann sí go neamhbhalbh gach cineál frithsheimíteachais agus fuatha, éadulaingthe, ciníochais agus seineafóibe, lena n-áirítear fuath do Mhoslamaigh. Tá sí ag súil leis an straitéis frithchiníochais a chuirfidh an Coimisiún i láthair go luath.

28. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit dlús a chur leis an obair leantach ar dhearbhú an 15 Deireadh Fómhair 2024 ón gComhairle maidir le Saol na nGiúdach a chothú agus an frithsheimíteachas a chomhrac, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le hinstitiúidí Giúdacha a chosaint.

***An bhréagaisnéis agus an ionramháil agus an cur isteach eachtrach ar fhaisnéis a chomhrac***

29. I bhfianaise na Teachtaireachta Comhpháirtí ón gCoimisiún maidir leis an Sciath Eorpach don Daonlathas, meabhraítear don Chomhairle Eorpach a thábhachtaí atá sé athléimneacht dhaonlathach na hEorpa a neartú. Leagann sí béim ar a riachtanaí atá sé dul i ngleic leis an mbréagaisnéis agus leis an ionramháil agus an cur isteach eachtrach ar fhaisnéis, agus saoirse agus iolrachas na meán a chosaint. Sa chomhthéacs sin, leagann an Chomhairle Eorpach béim ar an bhfreagracht dhlíthiúil atá ar na hardáin dul i ngleic le scaipeadh na bréagaisnéise agus na n-ábhar neamhdhleathach. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach neamhspleáchas rialála an Aontais sa réimse digiteach.

***Straitéis mhacrairéigiúnach don Atlantach***

30. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, straitéis mhacrairéigiúnach an Aontais don Atlantach a cheapadh faoi mhí an Mheithimh 2027, agus Straitéis Mhuirí an Atlantaigh agus an Plean Gníomhaíochta um an Atlantach atá ann cheana á gcur san áireamh.